Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2061(INI)

06.11.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le cur chun feidhme chóras coinníollachta an smachta reachta
(2025/2061(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Michał Wawrykiewicz

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile in iúl don Choiste um Buiséid agus don Choiste um Rialú Buiséadach, mar na coistí atá freagrach , an méid seo a leanas :

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus tuaithe, iascach agus muirí, rathúnas agus slándáil don tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (COM(2025)0565) (dréachtrialachán maidir le Ciste CNR),

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 24 Aibreán 2024 maidir le héisteachtaí leanúnacha faoi Airteagal 7(1) CAE maidir leis an Ungáir chun an smacht reachta agus a himpleachtaí buiséadacha a neartú[1a]***,***
	[1a] ***IO C, C/2025/3705, 17.9.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3705/oj?eliuri=eli%3AC%3A2025%3A3705%3Aoj&locale=ga.***

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 12 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir leis an staid san Ungáir agus cistí reoite an Aontais[1a]***,***
	[1a] ***IO C, C/2024/5742, 17.10.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/5742/oj?eliuri=eli%3AC%3A2024%3A5742%3Aoj&locale=ga.***

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 14 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena gcinntear, de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil riosca soiléir ann go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[1a]***,***
	[1a] ***IO C 125, 5.4.2023, lch. 463.***

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 14 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir leis an smacht reachta agus iarmhairtí an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais

Eorpaigh*[1a]*,

[1a] ***IO C 347, 9.9.2022, lch. 168.***

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 15 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra an Aontais um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú*[1a]*,

---

[1a] ***IO L 395, 29.9.2021, lch. 2.***

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 15 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 ar an togra ina n-iarrtar ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh, de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an ann do riosca soiléir go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe*[1a]*,

---

[1a] ***IO C 433, 23.12.2019, lch. 66.***

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 17 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 5 Bealtaine 2022 maidir le héisteachtaí leanúnacha faoi Airteagal 7(1) CAE i ndáil leis an bPolainn agus an Ungáir*[1a]*,
	[1a] ***IO C 465, 6.12.2022, lch. 147.***

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 17 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 1 Meitheamh 2023 maidir le sáruithe ar an Smacht Reachta agus ar chearta bunúsacha san Ungáir agus cistí reoite an Aontais*[1a]*,
	[1a] ***IO C, C/2023/1223, 21.12.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2023/1223/oj?eliuri=eli%3AC%3A2023%3A1223%3Aoj&locale=ga.***

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don chaingean a thionscain an Pharlaimint in aghaidh an Choimisiúin an 25 Márta 2024 i gCás C-225/24 inar iarradh ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)9014 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 a chur ar neamhní,*[1a]*,
	[1a] ***IO C, C/2024/3063, 13.5.2024, ELI:***

	https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/3063/oj?eliuri=eli%3AC%3A2024%3A3063%3Aoj&locale=ga.

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint do bharúlacha mhisin aimsithe fíricí a Choiste um Rialú Buiséadach chuig an Ungáir ón 15 go dtí an 17 Bealtaine 2023 agus chuig an tSlóvaic ón 26 go dtí an 28 ***Bealtaine*** 2025,	– ag féachaint do bharúlacha mhisin aimsithe fíricí a Choiste um Rialú Buiséadach chuig an Ungáir ón 15 go dtí an 17 Bealtaine 2023 agus chuig an tSlóvaic ón 26 go dtí an 28 ***Bealtaine 2025, agus ó mhisean aimsithe fíricí a Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile chun na hUngáire ón 14 go dtí an 16 Aibreán 2025 agus ó mhisean aimsithe fíricí a Ghrúpa Faireacháin um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha chun na Slóvaice ón 2 go dtí an 3 Meitheamh*** 2025,

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris 29 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don staidéar a d'iarr a Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile dar teideal 'Enforcement of EU law in the Area of Freedom, Security and Justice'[1a] [Forfheidhmiú dhlí an Aontais sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais], arna foilsiú ag a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha i mí Eanáir 2024,

[1a] ***Staidéar – 'Enforcement of EU law in the Area of Freedom, Security and***

Justice' ['Forfheidhmiú dhlí an Aontais sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais'], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, Eanáir 2024.

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, ar an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE; de bhrí ***go léirítear na luachanna seo sna cearta bunúsacha atá leagtha amach sa Chairt, amhail comhionannas idir mná agus fir, neamh-idirdhealú, agus an ceart chun cómhargála agus chun caingne, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta,*** agus atá leabaithe i gconarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine; de bhrí ***go bhfuil na*** luachanna ***comhroinnte seo mar bhunús na gceart atá ag daoine*** a bhfuil cónaí orthu san Aontas;	A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, ar an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE; de bhrí ***gur comhluachanna ag na Ballstáit na luachanna sin agus go bhfuil siad léirithe agus*** leabaithe i gconarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine; de bhrí ***gur*** luachanna ***iad an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a threisíonn a chéile ar luachanna iad, nuair a bhaintear an bonn díobh, atá ina mbagairt chórasach ar chearta agus saoirsí na ndaoine*** a bhfuil cónaí orthu san Aontas;

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
D. de bhrí go ***dtugann*** an Rialachán maidir le Coinníollacht ***cumhacht*** don ***Aontas*** bearta airgeadais comhréireacha a ghlacadh chun ***a leasanna airgeadais*** a chosaint ***i gcás ina ndéanfadh sáruithe ar***	D. de bhrí go ***dtugtar de chumhacht*** don ***Chomhairle*** leis an Rialachán maidir le Coinníollacht***, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún agus an Pharlaimint á cur ar an eolas,*** bearta airgeadais comhréireacha

an ***smacht*** reachta i mBallstát difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais, nó ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaidís difear don bhainistíocht sin; de bhrí gur glacadh leis mar chuid den phacáiste maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, tar éis caibidlíochtaí fada agus deacra idir na comhreachtóirí, go háirithe mar gheall ar iarrachtaí ag roinnt de na Ballstáit na caibidlíochtaí ar CAI a nascadh leis na caibidlíochtaí maidir leis an sásra coinníollachta i ndáil leis an smacht reachta; de bhrí go bhfuil sé ceangailteach ar na Ballstáit uile ó tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021;	a ghlacadh chun ***buiséad an Aontais*** a chosaint ***ar sháruithe ar phrionsabail*** an ***smachta*** reachta i mBallstát difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais ***nó do leasanna airgeadais an Aontais, nó i gcás ina bhfuil*** baol tromchúiseach ann go ndéanfaidís difear don bhainistíocht sin ***nó do na leasanna airgeadais sin***; de bhrí gur glacadh leis mar chuid den phacáiste maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, tar éis caibidlíochtaí fada agus deacra idir na comhreachtóirí, go háirithe mar gheall ar iarrachtaí ag roinnt de na Ballstáit na caibidlíochtaí ar CAI a nascadh leis na caibidlíochtaí maidir leis an sásra coinníollachta i ndáil leis an smacht reachta; de bhrí go bhfuil sé ceangailteach ar na Ballstáit uile ó tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021; ***de bhrí gur cheart go n-áiritheofaí le CAI 2028-2034 go ndearfaí aon sásra nua ar bhealach atá comhsheasmhach le coinníollacht an smachta reachta;***

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A. de bhrí gur bagairt dhíreach ar na luachanna a leagtar síos in Airteagal 2 CAE athruithe bunreachtúla a lagaíonn neamhspleáchas na meán nó an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus a lagaíonn srianta agus ceartúcháin, agus go bhfuil tionchar nithiúil acu ar chosaint bhuiséad an Aontais tríd an gcomhshaol a dhíghrádú chun maoirseacht thrédhearcach a dhéanamh ar chistí an Aontais;

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A. de bhrí, i mí na Nollag 2022, gur tionscnaíodh an Rialachán maidir le Coinníollacht den chéad uair i ndáil leis an Ungáir, as ar eascair fionraí EUR 6.3 billiún i gcistí comhtháthaithe agus toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le hiontaobhais leasa phoiblí na hUngáire agus le heintitis a choinníonn siad ar bun, mar gheall ar sháruithe sistéamacha ar an smacht reachta a d'fhéadfadh buiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais a chur i mbaol, lena n-áirítear teorainneacha ar neamhspleáchas na mbreithiúna agus ar ionchúiseamh poiblí, agus rioscaí a bhaineann le héilliú agus easnaimh i gcur chun feidhme chistí an Aontais, go háirithe maidir le soláthar poiblí agus ról na n-iontaobhas leasa phoiblí thuasluaite;

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
G. de bhrí gur eisigh an Coimisiún tuarascáil i mí Eanáir 2024, de bhun Airteagal 9 den Rialachán maidir le Coinníollacht, chun breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta; de bhrí gur dheimhnigh anailís an Choimisiúin ar an aon chás amháin atá ar fáil éifeachtacht na mbeart cosanta a glacadh agus a n-acmhainneacht amach anseo, ach gur chinn an Coimisiún go raibh sé ró-luath conclúidí cinntitheacha a tharraingt, agus go gceadódh cleachtas cáis níos fairsinge feabhsuithe féideartha a shainaithint ar bhealach níos fearr;	G. de bhrí gur eisigh an Coimisiún tuarascáil i mí Eanáir 2024, de bhun Airteagal 9 den Rialachán maidir le Coinníollacht, chun breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta; de bhrí gur dheimhnigh anailís an Choimisiúin ar an aon chás amháin atá ar fáil éifeachtacht na mbeart cosanta a glacadh agus a n-acmhainneacht amach anseo, ach gur chinn an Coimisiún go raibh sé ró-luath conclúidí cinntitheacha a tharraingt, agus go gceadódh cleachtas cáis níos fairsinge feabhsuithe féideartha a shainaithint ar bhealach níos fearr; ***de bhrí go bhfianaítear leis an meastóireacht a rinne an Coimisiún, faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, nach gceadaítear mórán solúbthachta leis na teorainneacha ama***

	don Choimisiún agus go bhfuil siad an-dúshlánach i gcéimeanna áirithe; de bhrí, i gcás na hUngáire, gur geal leis an tuarascáil go mór an dul chun cinn a rinneadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, ach nach gcuirtear béim leordhóthanach inti ar a mhéid atá na dúshláin fós gan réiteach;

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
I. de bhrí gurb é cuspóir na tuarascála seo scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht, i gcomhréir le ról na Parlaiminte mar a leagtar síos sa Rialachán, trí aird a tharraingt ar na buntáistí agus na heasnaimh a bhaineann lena chur i bhfeidhm, agus trí mholtaí a eisiúint maidir lena chur chun feidhme amach anseo;	I. de bhrí gurb é cuspóir na tuarascála seo scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht, i gcomhréir le ról na Parlaiminte mar a leagtar síos sa Rialachán, trí aird a tharraingt ar na buntáistí agus na heasnaimh a bhaineann lena chur i bhfeidhm, agus trí mholtaí a eisiúint maidir lena chur chun feidhme amach anseo***, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar chomhleanúnachas agus éifeachtacht an chórais coinníollachta mar aon le hionstraimí eile i mbosca uirlisí an smachta reachta, amhail Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus 'sár-gharspriocanna' a bhaineann leis an smacht reachta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta***;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. Á chur in iúl gur geal léi an ***dearbhú*** ó CBAE gur oibleagáid leanúnach í an urraim do na luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 CAE ***tar éis aontachais leis an Aontas Eorpach*** agus gur réamhchoinníoll í chun leas a bhaint as na	3. Á chur in iúl gur geal léi an ***deimhniú*** ó CBAE gur oibleagáid leanúnach ***do na Ballstáit uile*** í an urraim do na luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 CAE agus gur réamhchoinníoll í chun leas a bhaint as na cearta agus na

cearta agus na sochair uile a eascraíonn as ballraíocht san Aontas Eorpach, lena n-áirítear rochtain ar chistí an Aontais Eorpaigh; ag treorú don Choimisiún aird a tharraingt ar an bpointe seo ina ghníomhaíochtaí cumarsáide agus forfheidhmithe;	sochair uile a eascraíonn as ballraíocht san Aontas Eorpach, lena n-áirítear rochtain ar chistí an Aontais Eorpaigh; á threorú don Choimisiún aird a tharraingt ar an bpointe seo ina ghníomhaíochtaí cumarsáide agus forfheidhmithe[1a]***; á chur i bhfios go láidir gur cheart é sin a mheabhrú níos minice, ós rud é go dtreisíonn sé inchreidteacht an Aontais, agus á chur i bhfáth nach mór béim chomhsheasmhach a leagan freisin ar thionchair an neamhchomhlíonta***;
	[1a] ***Prionsabal an neamh-chúlchéimnithe; tuairim ón Abhcóide Ginearálta Campos Sánchez-Bordona a tugadh an 2 Nollaig 2021 i gCás C-156/21, an Ungáir v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh, ECLI:EU:C:2021:974, mír 214.***

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3 a. Á chur in iúl gur geal léi gur thug CBAE chun suntais gur príomhuirlis é buiséad an Aontais chun prionsabal na dlúthpháirtíochta a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a bhaint amach – ceann de bhunphrionsabail an Aontais[1a]***; á athdhearbhú go mbaintear dlúthpháirtíocht amach trí acmhainní airgeadais a chomhroinnt agus go mbraitheann sí ar mhuinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát, lena nglactar leis go n-úsáideann gach Ballstát cistí coiteanna go freagrach agus go bhfuil sé fós tiomanta dá oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear seasamh leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, go háirithe an smacht reachta;***

[1a] ***Cás C-156/21 CBAE, a luaitear thuas, mír 129.***

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. Á chur i bhfáth ***nach mór na hionstraimí maoinithe seo*** a mheas mar ionadaithe do na sásraí atá bunaithe ar an gConradh chun na luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 CAE a chosaint, agus á mheabhrú gur rogha fós é cearta vótála a chur ar fionraí faoi Airteagal 7(2) CAE i gcásanna sáruithe leanúnacha agus tromchúiseacha ar an smacht reachta;	4. Á chur i bhfáth ***nár cheart an Rialachán maidir le Coinníollacht agus ionstraimí buiséadacha eile*** a mheas mar ionadaithe do na sásraí atá bunaithe ar an gConradh chun na luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 CAE a chosaint, agus á mheabhrú gur rogha fós é ***cearta a dhíorthaítear ó chur i bhfeidhm na gConarthaí, lena n-áirítear*** cearta vótála***, ach gan a bheith teoranta dóibh,*** a chur ar fionraí faoi Airteagal 7(2) CAE i gcásanna sáruithe leanúnacha agus tromchúiseacha ar an smacht reachta***, agus, dá bhrí sin, nach ndéanann an sásra sin nós imeachta Airteagal 7 CAE a 'imchéimniú', ach gur cheart breathnú air mar chomhlánú air***;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
5. Á mheabhrú go bhfuil athrú suntasach tagtha ar 'bhosca uirlisí smacht reachta' an Choimisiúin le deich mbliana anuas, agus ionstraimí iomadúla á gcur san áireamh chun an smacht reachta a chosaint, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta lena gcumhdaítear na 27 mBallstát uile, an coinníoll cumasúcháin cothrománach ar an gCairt faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, agus na sár-gharsprioc, mar a thugtar orthu, a bhaineann leis an smacht reachta faoi STA;	5. Á mheabhrú go bhfuil athrú suntasach tagtha ar 'bhosca uirlisí smacht reachta' an Choimisiúin le deich mbliana anuas, agus ionstraimí iomadúla á gcur san áireamh chun an smacht reachta a chosaint, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta lena gcumhdaítear na 27 mBallstát uile, an coinníoll cumasúcháin cothrománach ar an gCairt faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, agus na sár-gharsprioc, mar a thugtar orthu, a bhaineann leis an smacht reachta faoi STA; ***á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta mar gheall ar***

	fhorbairt an bhosca uirlisí, nach bhfuil torthaí nithiúla leordhóthanacha bainte amach aige go fóill, den chuid is mó mar gheall ar an toil pholaitiúil theoranta chun é a úsáid a mhéid is féidir;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. Á chur i bhfáth gur de chineál buiséadach atá an córas coinníollachta, toisc go bhfuil sé mar chuspóir leis bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus nach bhfuil feidhm aige ach amháin i gcás ina ndéanann sárú ar an smacht reachta difear do bhuiséad an Aontais nó ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfadh sé difear dó; Ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé difriúil ó ***nós imeachta*** Airteagal ***7*** CAE, lena ***ngearrtar*** pionós ***i gcás sáruithe tromchúiseacha agus leanúnacha*** ar na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE;	6. Á chur i bhfáth gur de chineál buiséadach atá an córas coinníollachta, toisc go bhfuil sé mar chuspóir leis bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus nach bhfuil feidhm aige ach amháin i gcás ina ndéanann sárú ar an smacht reachta difear do bhuiséad an Aontais nó ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfadh sé difear dó; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé difriúil ó Airteagal ***7(1) agus (2)*** CAE, lena ***dtugtar aghaidh ar chásanna ina bhfuil baol soiléir ann go ndéanfar sárú tromchúiseach nó sárú tromchúiseach agus leanúnach*** ar na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, ***lena gcuirtear ar chumas an Aontais rioscaí den sórt sin a shainaithint agus freagairt dóibh, lena n-áirítear trí mholtaí a dhíriú chuig an mBallstát lena mbaineann faoi Airteagal 7(1) CAE agus, i gcás inarb iomchuí, trí smachtbhannaí a ghlacadh faoi Airteagal 7(2) agus (3)*** CAE;

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. Á chur i bhfios go láidir gur uirlisí comhlántacha iad gníomhaíochtaí sáraithe faoi ***Airteagal*** 258 CFAE agus Airteagal 6	7. Á chur i bhfios go láidir gur uirlisí comhlántacha iad gníomhaíochtaí sáraithe faoi ***Airteagail*** 258 ***agus 260*** CFAE agus

den Rialachán Airgeadais i gcás sáruithe sistéamacha ar luachanna Airteagal 2 CAE;	Airteagal 6 den Rialachán Airgeadais i gcás sáruithe sistéamacha ar luachanna Airteagal 2 CAE; ***ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhféadfadh an breithiúnas ó CBAE atá ar feitheamh i gCás C-769/22, an Coimisiún v an Ungáir (luachanna an Aontais), Airteagal 2 CAE a bhunú mar bhunús dlí uathrialach, agus ar an gcaoi sin nósanna imeachta um shárú a neartú;***

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
8. ***Ag moladh*** breithiúnais CBAE an 16 Feabhra 2022 i gCásanna C-156/21 agus C-157/21***, inar dhiúltaigh sí*** go hiomlán ***do*** na caingne a rinne an Ungáir agus an Pholainn chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a neamhniú agus inar dhearbhaigh sí go haonchiallach bailíocht, bunús dlí agus comhoiriúnacht an Rialacháin leis an gConradh, chomh maith le hinniúlachtaí an Aontais maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit;	8. ***Ag tabhairt dá haire le*** breithiúnais CBAE an 16 Feabhra 2022 i gCásanna C-156/21 agus C-157/21 ***gur díbheadh*** go hiomlán ***do*** na caingne a rinne an Ungáir agus an Pholainn chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a neamhniú agus inar dhearbhaigh sí go haonchiallach bailíocht, bunús dlí agus comhoiriúnacht an Rialacháin leis an gConradh, chomh maith le hinniúlachtaí an Aontais maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit; ***ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur dheimhnigh CBAE sna breithiúnais chéanna sin go bhfuil oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí ar na Ballstáit sna luachanna a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE;***

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
9. Ag tabhairt dá haire na soiléirithe breise ar an bpróiseas arna sholáthar ag an gCoimisiún i dTreoirlínte 2022 ar an Rialachán maidir le Coinníollacht, agus an t-athbhreithniú ar a chur i bhfeidhm	9. Ag tabhairt dá haire na soiléirithe breise ar an bpróiseas arna sholáthar ag an gCoimisiún i dTreoirlínte 2022 ar an Rialachán maidir le Coinníollacht, agus an t-athbhreithniú ar a chur i bhfeidhm

praiticiúil i dtuarascáil iarratais an Choimisiúin 2024; á chur in iúl gur oth léi, áfach gur ***glacadh na Treoirlínte breis agus*** bliain tar éis theacht i bhfeidhm ***an Rialacháin,*** agus ***gur chuir sé seo le moill de facto ar*** a chur i bhfeidhm;	praiticiúil i dtuarascáil iarratais an Choimisiúin 2024; á chur in iúl gur oth léi, áfach gur ***chuir an Coimisiún cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht ar sos go neamhdhleathach ar feadh níos mó ná*** bliain tar éis ***a*** theacht i bhfeidhm***, agus ar an gcaoi sin tar éis conclúidí ón gComhairle Eorpach a bhí ar neamhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht*** agus ***nach raibh ceangailteach ar an gCoimisiún; á athdhearbhú gur oth léi gur ghlac an Coimisiún treoirlínte maidir le*** cur i bhfeidhm ***an Rialacháin maidir le Coinníollacht i gcás nár léiríodh go raibh gá leis na treoirlínte sin***;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 a. Ag tabhairt dá haire gurb é an Rialachán maidir le Coinníollacht an t-aon ionstraim lena n-éilítear measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh uirlisí eile leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí i gcásanna sáruithe ar an smacht reachta; á mheas go bhféadfadh sé a bheith úsáideach machnamh a dhéanamh ar ábharthacht phraiticiúil agus comhréireacht an cheanglais sin ina chur chun feidhme;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10. Ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil féiniúlachtaí agus traidisiúin náisiúnta éagsúla ag na Ballstáit, gur luach coiteann é an smacht reachta don Aontas

agus do na Ballstáit, agus go bhfuil sé mar chuid d'fhondúireachtaí an Aontais agus dá dhlíchóras[1a]; ag tabhairt dá haire gur féidir an smacht reachta a shainiú trí shé phrionsabal, mar a aithníonn CBAE agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus mar a d'fhorbair Comhairle na hEorpa iad, is é sin: (i) dlíthiúlacht, lena dtugtar le tuiscint próiseas trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch chun dlíthe a achtú, (ii) deimhneacht dhlíthiúil, (iii) toirmeasc ar fheidhmiú treallach na cumhachta feidhmiúcháin, (iv) cosaint bhreithiúnach éifeachtach ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta, le hathbhreithniú breithiúnach éifeachtach lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha, (v) scaradh na gcumhachtaí agus (vi) comhionannas os comhair an dlí;

[1a] ***Cás C-156/21 CBAE, a luaitear thuas, mír 128.***

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. Á thabhairt dá haire go dtugtar sáruithe féideartha ar an smacht reachta faoi bhráid an Choimisiúin trí bhonn leathan fianaise, lena n-áirítear tuarascálacha ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus ó CIE, chomh maith le haighneachtaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ó ghnólachtaí agus ó sceithirí; á chur in iúl gur oth go mór léi an easpa trédhearcachta maidir le measúnuithe an Choimisiúin nach mbíonn mar thoradh orthu go ndéantar bearta a mholadh, nó a mbíonn mar thoradh orthu go roghnaítear ionstraim eile;	11. Á thabhairt dá haire go dtugtar sáruithe féideartha ar an smacht reachta faoi bhráid an Choimisiúin trí bhonn leathan fianaise, lena n-áirítear ***rúin ón bParlaimint,***tuarascálacha ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus ó CIE, chomh maith le haighneachtaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ó ghnólachtaí agus ó sceithirí; á chur in iúl gur oth go mór léi an easpa trédhearcachta maidir le measúnuithe an Choimisiúin nach mbíonn mar thoradh orthu go ndéantar bearta a mholadh, nó a mbíonn mar thoradh orthu go roghnaítear ionstraim eile;

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
12. Á thabhairt dá haire nár bhain ach líon an-teoranta páirtithe leasmhara úsáid as foirm ghearáin chaighdeánach an Choimisiúin atá i gceangal le Treoirlínte 2022 go dtí seo; á mholadh go nglacfaidh an Coimisiún le gearáin in aon fhoirm scríofa; á iarraidh, thairis sin, go mbunófaí tairseach tuairiscithe rúnda trína bhféadfadh páirtithe leasmhara neamhchomhlíonadh a chur in iúl, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí gníomhaíocht cheartaitheach thapa a dhéanamh;	12. Á thabhairt dá haire nár bhain ach líon an-teoranta páirtithe leasmhara úsáid as foirm ghearáin chaighdeánach an Choimisiúin atá i gceangal le Treoirlínte 2022 go dtí seo; á mholadh go nglacfadh an Coimisiún le gearáin in aon fhoirm scríofa***, go n-admhódh sé go pras go bhfuarthas aon ghearán den sórt sin agus uimhir thagartha shoiléir á sannadh aige dó, agus go gcuirfeadh sé nuashonrú ar an obair leantach ar fáil don ghearánach tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an ghearáin a chur isteach***; á iarraidh, thairis sin, go mbunófaí tairseach tuairiscithe rúnda trína bhféadfadh páirtithe leasmhara neamhchomhlíonadh a chur in iúl, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí gníomhaíocht cheartaitheach thapa a dhéanamh; ***á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feasacht agus infheictheacht an tsásra a mhéadú; á mheas, thairis sin, go bhféadfadh an Coimisiún, tar éis dó gearán a fháil, cur chuige níos tacúla agus níos éascaithe a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh na heilimintí is gá sa ghearán chun measúnú cuí a dhéanamh air;***

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. Á chur in iúl gur oth léi, d'ainneoin fionnachtana imníocha i ndiaidh a chéile i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta, agus ó OLAF agus OIPE, ina léirítear rioscaí	13. Á chur in iúl gur oth léi, d'ainneoin fionnachtana imníocha i ndiaidh a chéile i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta ***chomh maith le haighneachtaí ó eagraíochtaí na sochaí***

buiséadacha i roinnt Ballstát, nach bhfuil ach dhá fhógra foirmiúla seolta agus nach bhfuil bearta socraithe ach i gcás amháin faoin Rialachán maidir le Coinníollacht;	***sibhialta***, agus ó OLAF agus OIPE, ina léirítear rioscaí buiséadacha i roinnt Ballstát, nach bhfuil ach dhá fhógra foirmiúla seolta agus nach bhfuil bearta socraithe ach i gcás amháin faoin Rialachán maidir le Coinníollacht; ***á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhar níos institiúidithe agus níos struchtúrtha idir na comhlachtaí ábhartha i ndáil leis sin, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach as an Rialachán maidir le Coinníollacht; ag tabhairt dá haire, go háirithe, sa chomhthéacs sin, nach raibh aon ghníomhaíocht faoin Rialachán maidir le Coinníollacht mar thoradh ar fhionnachtana tromchúiseacha – ar chuir OIPE an Coimisiún ar an eolas ina leith i ndáil leis an bPolainn in 2022 agus i ndáil leis an tSlóvaic in 2023;***

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. Á chur i bhfáth gur gá an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát uile; ag tathant ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, ar an gComhairle, gníomhú go pras agus le trédhearcacht iomlán má tá nasc bunaithe idir sáruithe ar an smacht reachta agus rioscaí do bhuiséad an Aontais agus mura ngníomhaíonn an Ballstát lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar an staid go héifeachtach agus go hinbhuanaithe; á áitiú nach mór idirphlé fada neamhfhoirmiúil a chur in ionad gníomhaíochta cinntithí, agus gur gá dúsháinn pholaitiúil nó ***dúmhál*** a sheachaint;	14. Á chur i bhfáth gur gá an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát uile; ag tathant ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, ar an gComhairle, gníomhú go pras agus le trédhearcacht iomlán má tá nasc bunaithe idir sáruithe ar an smacht reachta agus rioscaí do bhuiséad an Aontais agus mura ngníomhaíonn an Ballstát lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar an staid go héifeachtach agus go hinbhuanaithe; á áitiú nach mór idirphlé fada neamhfhoirmiúil a chur in ionad gníomhaíochta cinntithí, agus gur gá dúsháinn pholaitiúil nó ***bruachaireacht*** a sheachaint; ***á athdhearbhú nach féidir in imthosca ar bith an smacht reachta a mheas riamh faoi réir comhbhabhtálacha polaitiúla;***

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. Ag leagan béim ar an bhfíoras nach mór do mheasúnuithe an Choimisiúin a bheith neamhchlaonta agus cóir, go gcuirfidh siad san áireamh na fíorais uile atá ar fáil, agus go n-urramóidh siad prionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais idir na Ballstáit i bhfianaise na gConarthaí; á chur i bhfios go láidir nach mór rogha agus scála na mbeart cosanta buiséid prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5 den Rialachán maidir le Coinníollacht a urramú, agus tromchúis, fad agus atarlú an tsáraithe, comhar an Bhallstáit lena mbaineann agus an riosca airgeadais nithiúil á gcur san áireamh, chomh maith leis an tionchar ar fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh dlisteanacha, go háirithe faighteoirí agus tairbhithe beaga; ag iarraidh ar an gCoimisiún an modheolaíocht scórála riosca chainníochtúil atá á cur i bhfeidhm aige cheana féin go hinmheánach a nochtadh, mar a mholann CIE;	15. Ag leagan béim ar an bhfíoras nach mór do mheasúnuithe an Choimisiúin a bheith neamhchlaonta agus cóir, go gcuirfidh siad san áireamh na fíorais uile atá ar fáil, agus go n-urramóidh siad prionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais idir na Ballstáit i bhfianaise na gConarthaí; á chur i bhfios go láidir nach mór rogha agus scála na mbeart cosanta buiséid prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5 den Rialachán maidir le Coinníollacht a urramú, agus tromchúis, fad agus atarlú an tsáraithe, comhar an Bhallstáit lena mbaineann agus an riosca airgeadais nithiúil á gcur san áireamh, chomh maith leis an tionchar ar fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh dlisteanacha, go háirithe faighteoirí agus tairbhithe beaga; ag iarraidh ar an gCoimisiún an modheolaíocht scórála riosca chainníochtúil atá á cur i bhfeidhm aige cheana féin go hinmheánach a nochtadh, mar a mholann CIE; ***á mheabhrú gur cúis imní di fionnachtana CIE ina tuarascáil speisialta 03/2024, go háirithe go bhfuil ról tábhachtach ag breithnithe polaitiúla i gcinntí gan cistí a bhlocáil nó a scaoileadh, rud a léiríodh go sonrach ós rud é nár bhain an Coimisiún úsáid, san am a chuaigh thart, as an Rialachán maidir le Coinníollacht i ndáil leis an bPolainn agus nár bhain sé úsáid as i ndáil leis an tSlóvaic, fiú i gcás inar aimsigh sé sáruithe ar an smacht reachta a bhaineann leis an mbuiséad i ndáil leis na Ballstáit sin i gcomhthéacs ionstraimí eile;***

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 16

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
16. Á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfágann roinnt gnéithe den Rialachán maidir le Coinníollacht go bhfuil sé deacair an sásra a ghníomhachtú, go háirithe an ceanglas nasc sách díreach a léiriú idir sáruithe ar an smacht reachta agus riosca tromchúiseach go mbeadh drochthionchar ann ar bhuiséad an Aontais dá bharr; á chur i bhfáth, áfach, nár cheart ceanglais den sórt sin a úsáid mar údar gan an sásra a ghníomhachtú;	16. Á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfágann roinnt gnéithe den Rialachán maidir le Coinníollacht go bhfuil sé deacair an sásra a ghníomhachtú, go háirithe an ceanglas nasc sách díreach a léiriú idir sáruithe ar an smacht reachta agus riosca tromchúiseach go mbeadh drochthionchar ann ar bhuiséad an Aontais dá bharr; á chur i bhfáth, áfach, nár cheart ceanglais den sórt sin a úsáid mar údar gan an sásra a ghníomhachtú; ***á chur in iúl gur oth léi, sa chomhthéacs sin, go gcuireann an Coimisiún an léirmhíniú is cúinge ar an Rialachán i bhfeidhm trína n-eisiatar fiú sáruithe tromchúiseacha a dhéanann difear do chistí an Aontais óna chur i bhfeidhm; athdhearbhaíonn sí go leagtar síos go soiléir leis an Rialachán gur sárú ar phrionsabail an smachta reachta é neamhspleáchas na mbreithiúna a chur i mbaol agus teorainn a chur le hinfhaighteacht agus éifeachtacht leigheasanna dlí, lena n-áirítear trí rialacha nós imeachta sriantacha agus easpa cur chun feidhme breithiúnas***[1a]***;***

[1a] ***IO C 465, 6.12.2022, lch. 147.***

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 a. Á chur i bhfios go láidir, fiú i gcás ina bhfuil easnaimh sa smacht reachta de chineál ginearálta agus go ndéanann siad difear do chóras dlí Ballstáit ina iomláine, amhail sáruithe ar neamhspleáchas na mbreithiúna, éifeachtacht ionchúisimh, uasinstitiúidí iniúchóireachta nó iolrachas na meán, gur féidir leis na heasnaimh sin difear a dhéanamh do

bhuiséad an Aontais ar bhealach díreach agus tromchúiseach trí dheireadh a chur le coimircí sistéamacha in aghaidh gníomhaíochtaí calaoiseacha agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart coincheap na héifeachta dírí ar bhuiséad an Aontais a léirmhíniú mar shrian a chur ar raon feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht do shaincheisteanna a bhaineann go sonrach le cur chun feidhme an bhuiséid, amhail reachtaíocht soláthair phoiblí, agus do na saincheisteanna sin amháin, ós rud é nach spreagfadh an cur chuige sin ach gníomhaithe mímhacántachta chun coimircí an smachta reachta a lagú ar bhonn níos leithne;

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 b. Á mheabhrú gur forais iad comhar nó neamh-chomhoibriú neamhéifeachtach nó moillithe na mBallstát le OIPE agus OLAF le haghaidh gníomhaíochta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá cineálacha comhair níos nithiúla a fhorbairt le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú; á iarraidh, ina theannta sin, go leagfaí síos aontachas le OIPE mar choinníoll do thíortha is iarrthóirí atá ag iarraidh teacht isteach san Aontais, chun cásanna a chosc ina ndiúltaíonn roinnt Ballstát páirt a ghlacadh sa sásra sin;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 c. Á chur i bhfáth, mar chuid dá iarrachtaí chun an chosaint is éifeachtúla ar a leasanna airgeadais a áirithiú, go bhfuil tús curtha ag an Aontas le hobair ullmhúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar a ollstruchtúr frithchalaoise, d'fhonn éifeachtúlachtaí i measc na ngníomhaithe ábhartha a fheabhsú agus dúbailt a sheachaint ag gach céim den timthriall frithchalaoise, lena n-áirítear cosc, brath, imscrúdú, ceartú agus aisghabháil na méideanna lena mbaineann; á chur i bhfios go láidir gur cheart an obair sin a bheith nasctha go dlúth le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht, chun comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú maidir le buiséad an Aontais a chosaint;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 d. Ag tabhairt dá haire, de réir mheastóireacht an Choimisiúin in 2024, go bhfuil an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht sách tapa, ach nach gceadaítear mórán solúbthachta leis na teorainneacha ama don Choimisiún agus go bhfuil siad an-dúshlánach i gcéimeanna áirithe; á chur i bhfáth, mar a léiríodh sa tuarascáil ón gCoimisiún, go bhféadfaí éifeachtacht an nós imeachta a fheabhsú dá gcuirfeadh an Ballstát, agus a bharúlacha á gcur faoi bhráid an Choimisiúin aige, tuairimí, más ann dóibh, na n-eintiteas rialtais lena mbaineann na bearta ar aghaidh freisin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí measúnú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na saincheisteanna atá i gceist agus ar na bearta is éifeachtaí; á chur i bhfáth, má

	mheastar go bhfuil sé ábhartha, gur cheart go mbeadh soiléireacht ann ar a laghad maidir leis an gcaoi a bhfuil an ceanglas sin le tuiscint agus le cur i bhfeidhm;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
17. á thabhairt dá haire gur chinn an Chomhairle 55 % de na gealltanais bhuiséadacha a chur ar fionraí le haghaidh trí chlár oibríochtúla faoin mbeartas comhtháthaithe don Ungáir; ag tabhairt aird ar an anailís dhlíthiúil[17] a léiríonn gur cheart go d'fhionraí i bhfad níos airde ar chistiú ón Aontas a bheith mar thoradh ar chineál sistéamach agus leanúnach na sáruithe ar an smacht reachta san Ungáir , chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta; á thabhairt dá haire gur tháinig na hathmheasúnaithe a rinne an Coimisiún i mí na Nollag 2023 agus i mí na Nollag 2024 araon ar an staid san Ungáir ar an gconclúid nár leigheasadh an staid ba chúis le glacadh na mbeart; ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chúlú an smachta reachta agus aghaidh a thabhairt air trí bhearta breise a mholadh nó trí bhearta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta;	17. Á thabhairt dá haire gur chinn an Chomhairle 55 % de na gealltanais bhuiséadacha a chur ar fionraí le haghaidh trí chlár oibríochtúla faoin mbeartas comhtháthaithe don Ungáir ***agus toirmeasc a chur ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le hiontaobhais agus eintitis leasa phoiblí na hUngáire a choinníonn siad ar bun***; ag tabhairt aird ar an anailís dhlíthiúil[17] a léiríonn gur cheart go d'fhionraí i bhfad níos airde ar chistiú ón Aontas a bheith mar thoradh ar chineál sistéamach agus leanúnach na sáruithe ar an smacht reachta san Ungáir , chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta; á thabhairt dá haire gur tháinig na hathmheasúnaithe a rinne an Coimisiún i mí na Nollag 2023 agus i mí na Nollag 2024 araon ar an staid san Ungáir ar an gconclúid nár leigheasadh an staid ba chúis le glacadh na mbeart; ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chúlú an smachta reachta agus aghaidh a thabhairt air trí bhearta breise a mholadh nó trí bhearta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta ***chun iad a thabhairt i gcomhréir leis an anailís dhlíthiúil thuasluaite***;
[17] Staidéar arna iarraidh ag Daniel Freund, Feisire i ngrúpa na nGlasach/SCE – Lane Scheppele, K., Kelemen, R. D., Morijn, J., 'Freezing all EU funds to Hungary: A legal analysis of why a 100 % suspension is	[17] Staidéar arna iarraidh ag Daniel Freund, Feisire i ngrúpa na nGlasach/SCE – Lane Scheppele, K., Kelemen, R. D., Morijn, J., 'Freezing all EU funds to Hungary: A legal analysis of why a 100 % suspension is

“proportionate” and “appropriate” under Regulation 2020/2092 on a general regime of conditionality for the protection of the Union budget’ [Cistí uile an Aontais don Ungáir a reo: Anailís dhlíthiúil ar an gcúis go bhfuil fionraí 100 % ‘comhréireach’ agus ‘iomchuí’ faoi Rialachán 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint], Bealtaine 2022.	“proportionate” and “appropriate” under Regulation 2020/2092 on a general regime of conditionality for the protection of the Union budget’ [Cistí uile an Aontais don Ungáir a reo: Anailís dhlíthiúil ar an gcúis go bhfuil fionraí 100 % ‘comhréireach’ agus ‘iomchuí’ faoi Rialachán 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint], Bealtaine 2022.

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. Á mheabhrú go sonraíonn an Rialachán maidir le Coinníollacht go sainráite go gcomhlánaíonn sé uirlisí cosanta buiséid atá ann cheana féin agus go bhfuil sé le cur i bhfeidhm ‘i gcás nach gceadódh nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí’; á chur in iúl gur oth léi léirmhíniú an Choimisiúin, bunaithe ar an bhfoclaíocht seo, gur cheart an ionstraim a úsáid mar rogha dheiridh amháin; á thabhairt dá aire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil faireachán ar an smacht reachta ***laistigh*** den Choimisiún roinnte idir seirbhísí éagsúla, rud a fhágann go mbíonn gníomhaíocht neamhréireach agus mhoillithe ann uaireanta;	20. Á mheabhrú go sonraíonn an Rialachán maidir le Coinníollacht go sainráite go gcomhlánaíonn sé uirlisí cosanta buiséid atá ann cheana féin agus go bhfuil sé le cur i bhfeidhm ‘i gcás nach gceadódh nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí’; á chur in iúl gur oth léi léirmhíniú an Choimisiúin, bunaithe ar an bhfoclaíocht seo, gur cheart an ionstraim a úsáid mar rogha dheiridh amháin; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an faireachán ar an smacht reachta ***laistigh*** den Choimisiún roinnte idir seirbhísí éagsúla, rud a fhágann go mbíonn gníomhaíocht neamhréireach agus mhoillithe ann uaireanta ***nó gan gníomhaíocht ar bith***;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. Á mheas nach bhfuil sé soiléir conas a idirghníomhaíonn an Rialachán maidir le Coinníollacht le hionstraimí eile	21. Á mheas nach bhfuil sé soiléir conas a idirghníomhaíonn an Rialachán maidir le Coinníollacht le hionstraimí eile

ón mbosca uirlisí maidir leis an smacht reachta sa chleachtas, go háirithe an coinníoll cumasúcháin cothrománach ar an gCairt faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus na ‘sár-gharspriocanna’ a bhaineann leis an smacht reachta faoi STA; á chur in iúl gur oth léi gur mheas an Coimisiún i mí na Nollag 2023 go raibh an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le neamhspleáchas breithiúnach comhlíonta ag an Ungáir , agus na bearta a forchuireadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht á choinneáil ar bun ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir go gcuireann an easpa comhtháthaithe seo bac ar an ngrinnscrúdú daonlathach ar a gcur i bhfeidhm;	ón mbosca uirlisí maidir leis an smacht reachta sa chleachtas, go háirithe an coinníoll cumasúcháin cothrománach ar an gCairt faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus na ‘sár-gharspriocanna’ a bhaineann leis an smacht reachta faoi STA; á chur in iúl gur oth léi gur mheas an Coimisiún i mí na Nollag 2023 go raibh an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le neamhspleáchas breithiúnach comhlíonta ag an Ungáir , agus na bearta a forchuireadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht á choinneáil ar bun ag an am céanna; ***á thabhairt dá haire, thairis sin, mar shampla, nár scaoileadh cistí áirithe sa Pholainn toisc nár comhlíonadh coinníoll cumasúcháin cothrománach nó toisc nár baineadh amach ‘sár-gharspriocanna’, cé nár doiciméadaíodh na cúiseanna nár cuireadh an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm;*** á chur i bhfios go láidir go gcuireann an easpa comhtháthaithe seo bac ar an ngrinnscrúdú daonlathach ar a gcur i bhfeidhm; ***á athdhearbhú go bhfuil cinneadh an Choimisiúin neamhdhleathach, mar a líomhnaítear i gcaingean na Parlaiminte atá ar feitheamh in aghaidh an Choimisiúin i gCás C-225/24, go háirithe mar gheall ar shárú ar iliomad forálacha substainteacha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, agus ar dhualgas an Choimisiúin cúiseanna a lua lena chinneadh chomh maith le mí-úsáid a bhaint as cumhacht i bhfoirm comhbhabhtáil pholaitiúil chun go gcuirfeadh an Ungáir deireadh lena crosadh ar chinntí práinneacha áirithe a raibh aontoilíocht ag teastáil ina leith sa Chomhairle Eorpach;***

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
23. ***Ag tabhairt rabhadh go***	23. ***Á chur i bhfáth nár cheart aon***

dtabharfadh ath-leithdháileadh nó athdháileadh leithreasaí reoite chuig cláir nó cuspóirí eile le fios do rialtais neamhchomhlíontacha gur féidir caillteanais a fhritháireamh in áiteanna eile; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, aon iarraidh ar aistriú chuig cláir nó tosaíochtaí eile faoin gclár céanna a dhiúltú a mbeadh mar thoradh orthu go rachfaí timpeall ar fhionraíochtaí faoin Rialachán maidir le Coinníollacht; á iarraidh ar an gCoimisiún téacs iomlán aon iarrata den sórt sin ar aistriú a tharchur chuig an bParlaimint ionas gur féidir grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh roimh chinneadh an Choimisiúin, seachas ina dhiaidh;

aistrithe, athruithe ar chláir, ná athshocruithe, lena n-áirítear gealltanais agus íocaíochtaí, a úsáid chun na bearta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht nó faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna a fhritháireamh; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, aon iarraidh ar aistriú chuig cláir nó tosaíochtaí eile faoin gclár céanna a dhiúltú a mbeadh mar thoradh orthu go rachfaí timpeall ar fhionraíochtaí faoin Rialachán maidir le Coinníollacht ***agus faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna***; á iarraidh ar an gCoimisiún téacs iomlán aon iarrata den sórt sin ar aistriú a tharchur chuig an bParlaimint ionas gur féidir grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh roimh chinneadh an Choimisiúin, seachas ina dhiaidh; ***ag meabhrú an ghealltanais a thug an Coimisiún le linn ghlacadh phacáiste athbhreithnithe an bheartais chomhtháthaithe chun a áirithiú nach féidir na sásraí solúbthachta nua a úsáid chun dul timpeall ar bhearta arna nglacadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht nó faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit seasamh go hiomlán leis an ngealltanas sin sa chleachtas, chun éifeacht dhíspreagthach agus sláine chreat coinníollachta an smachta reachta a chaomhnú; á chur i bhfáth gur cheart a mheas go bhfuil aistrithe den sórt sin neamh-inghlactha mar ábhar dlí; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh coimircí dlíthiúla chuige sin i bhfeidhm, lena n-áirítear faoi chuimsiú CAI 2028-2034;***

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	23 a. Á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún chun an nasc idir moltaí na tuarascála maidir leis an smacht

	reachta agus tacaíocht airgeadais faoi CAI 2028-2034 a neartú agus chun ginearálú a dhéanamh ar an treoirphlean 'athchóiriú ar son cistí' a forbraíodh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta iar-COVID-19 faoi na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha; á chur i bhfáth nach mór an mheastóireacht ar choinníollacha agus tagarmharcanna an smachta reachta faoi CAI 2028-2034 a bheith bunaithe ar shaineolas neamhchlaonta ar ábhar seachas ar shocruithe polaitiúla, agus nach mór an cuspóir sin a áirithiú agus a choimirciú sa nós imeachta chun an mheastóireacht sin a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí iomchuí óna toradh; á thabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, gur cheart don Choimisiún cinntí atá dírithe ar na Ballstáit maidir le comhlíonadh phrionsabail an smachta reachta agus na gceart bunúsach a ghlacadh mar chaomhnóir na gConarthaí seachas mar chaomhnóir na Comhairle, rud a d'fhéadfadh a bheith drogallach gníomhaíocht a dhéanamh a mbeadh éifeacht dhíobhálach aici ar na Ballstáit; á chur i bhfios go bhfágann nós imeachta an ghnímh tharmligthe gur féidir leis an gCoimisiún gníomhú go pras, agus grinnscrúdú polaitiúil ag an bParlaimint agus ag an gComhairle á áirithiú ag an am céanna;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
25. Á athdhearbhú go dtugann an Pharlaimint aird an-chúramach ar a ról grinnscrúdaithe i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht; á aithint gur chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid dhlíthiúil chun an Pharlaimint a chur ar an eolas láithreach faoi aon bheart a mholtar, a glacadh nó a cuireadh ar ceal; á	25. Á athdhearbhú go dtugann an Pharlaimint aird an-chúramach ar a ról grinnscrúdaithe i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht ***agus á mheabhrú, de bhun Airteagal 8 den Rialachán, go gcuirfidh an Coimisiún an Pharlaimint ar an eolas láithreach faoi aon bheart arna mholadh, arna ghlacadh***

chur in iúl gur oth léi nár sholáthair an Coimisiún ach an leibhéal íosta faisnéise, gan sonraí tábhachtacha a chur ar fáil, agus, fiú arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, nár roinn sé an doiciméadacht iomlán; á chur i bhfáth go bhfuil comhroinnt faisnéise thráthúil, chuimsitheach agus réamhghníomhach fíor-riachtanach chun go bhféadfaidh an Pharlaimint a freagrachtaí buiséadacha agus maoirseachta a fheidhmiú go héifeachtach;	***nó arna bhaint de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Rialachán***; á aithint gur chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid dhlíthiúil chun an Pharlaimint a chur ar an eolas láithreach faoi aon bheart a mholtar, a glacadh nó a cuireadh ar ceal; á chur in iúl gur oth léi nár sholáthair an Coimisiún ach an leibhéal íosta faisnéise, gan sonraí tábhachtacha a chur ar fáil, agus, fiú arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, nár roinn sé an doiciméadacht iomlán; á chur i bhfáth go bhfuil comhroinnt faisnéise thráthúil, chuimsitheach agus réamhghníomhach fíor-riachtanach chun go bhféadfaidh an Pharlaimint a freagrachtaí buiséadacha agus maoirseachta a fheidhmiú go héifeachtach;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
27. Ag tathant ar an gCoimisiún teacht ar chomhaontú maidir le bealach cumarsáide slán chun rochtain ar an bhfaisnéis sin a áirithiú do na comhlachtaí Parlaiminteacha atá freagrach, agus a rúndacht á cosaint ag an am céanna;	***scriosta***

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	28 a. Á chreidiúint, ar bhonn níos ginearálta, gur cheart an t-idirphlé idirinstitiúideach ar leibhéal an Aontais agus an comhar maidir leis an smacht reachta a neartú; á chur in iúl gur oth léi gur dhiúltaigh an Coimisiún agus an Chomhairle go dtí seo dá tairiscint comhaontú idirinstitiúideach a dhéanamh

maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha; á athdhearbhú go bhfuil sí toilteanach tús a chur arís leis na cainteanna maidir leis an gcomhaontú sin;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	28 b. Á mheabhrú, de réir Airteagal 9 den Rialachán maidir le Coinníollacht, go dtuairisceoidh an Coimisiún don Pharlaimint agus don Chomhairle faoin 12 Eanáir 2024 maidir lena chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le héifeachtacht na mbeart arna nglacadh; á thabhairt dá haire go bhfuil an cleachtadh tuairiscithe sin déanta go cuí ag an gCoimisiún; ag tathant ar an gCoimisiún – ós rud é go bhfuil sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an Rialachán gan teorainn ama – tuarascáil den sórt sin a thíolacadh uair sa bhliain;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 29

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
29. Á mheabhrú na bhforálacha sonracha sa Rialachán maidir le Coinníollacht agus i dTreoirlínte 2022 a chuireann oibleagáid ar an Aontas leasanna dlisteanacha na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh a chosaint ó iarmhairtí airgeadais na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar a rialtais; á mheabhrú, go háirithe, an oibleagáid atá ar na Ballstáit atá faoi réir bearta faoin Rialachán leanúint de na gealltanais uile i leith na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh a	29. Á mheabhrú na bhforálacha sonracha sa Rialachán maidir le Coinníollacht agus i dTreoirlínte 2022 a chuireann oibleagáid ar an Aontas leasanna dlisteanacha na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh a chosaint ó iarmhairtí airgeadais na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar a rialtais; ***á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as cistí an Aontais a chur ar fionraí mar arm polaitiúil in aghaidh na sochaí sibhialta agus na n-údarás áitiúil;*** á mheabhrú, go háirithe, an oibleagáid atá

chomhlíonadh;	ar na Ballstáit atá faoi réir bearta faoin Rialachán leanúint de na gealltanais uile i leith na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh a chomhlíonadh;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 30

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
30. Á chur in iúl gur oth léi go bhfuil na coimircí atá beartaithe fós teoiriciúil den chuid is mó sa chleachtas, ós rud é go bhfuil nósanna imeachta maidir le híocaíocht dhíreach nó athródú cistí casta, agus go bhfuil cumarsáid le faighteoirí agus tairbhithe deiridh treallach; á aithint go bhfuil gá le níos mó a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar chosaint leasanna dlisteanacha na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar chistiú ón Aontas;	30. Á chur in iúl gur oth léi go bhfuil na coimircí atá beartaithe fós teoiriciúil den chuid is mó sa chleachtas, ós rud é go bhfuil nósanna imeachta maidir le híocaíocht dhíreach nó athródú cistí casta, agus go bhfuil cumarsáid le faighteoirí agus tairbhithe deiridh treallach; ***á chur in iúl gur geal léi rún sonraithe an Choimisiúin ina thogra le haghaidh CAI 2028–2034 cosaint faighteoirí agus tairbhithe deiridh a neartú; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach mór coimircí éifeachtacha a bheith mar thoradh ar an ngealltanas sin sa chleachtas, agus á chur i bhfáth, i bhfianaise na n-easnamh a tugadh faoi deara sa chreat atá ann faoi láthair, gur gá sásraí soiléire agus nithiúla a shainiú chun a áirithiú go gcosnófar tairbhithe i ndáiríre; á chur in iúl gur cúis imní di go bhféadfadh struchtúr beartaithe CAI 2028-2034 é a dhéanamh níos deacra fós faighteoirí agus tairbhithe deiridh a chosaint trí níos mó smachta a thabhairt do rialtais na mBallstát ar bhainistiú chistí an Aontais;*** á aithint go bhfuil gá le níos mó a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar chosaint leasanna dlisteanacha na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar chistiú ón Aontas; ***á thabhairt dá haire Airteagal 15(4) den dréachtrialachán maidir le Ciste CNR agus á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh oibleagáid ann na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do shaoradh faoin gcóras coinníollachta a chur ar fáil lena***

	n-úsáid faoi ionstraimí nó cláir eile den Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe iad sin a rannchuidíonn le tacú le daonlathas na hEorpa, leis an tsochaí shibhialta, le luachanna an Aontais nó leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe, agus go páirteach ar a laghad laistigh den Bhallstát inar tharla sáruithe ar an smacht reachta;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 31

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
31. Á thabhairt faoi deara, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil struchtúir olagarcacha cléiptocratacha ag glacadh seilbhe go córasach ar earnálacha atá tábhachtach ó thaobh na straitéise de i roinnt Ballstát, amhail baincéireacht, miondíol, bia, cógaisíocht, tógáil agus teicneolaíocht, rud a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú do chosaint bhuiséad an Aontais, mar shampla nuair a dhéanann struchtúir den sórt sin iarratas ar chistí an Aontais; ag cur i bhfios go láidir ***an tábhacht*** a bhaineann le comhionannas deiseanna a ráthú do na hiarratasóirí uile chun rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas agus ar shásraí gearán neamhchlaonta agus éifeachtacha araon;	31. Á thabhairt faoi deara, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil struchtúir olagarcacha cléiptocratacha ag glacadh seilbhe go córasach ar earnálacha atá tábhachtach ó thaobh na straitéise de i roinnt Ballstát, amhail baincéireacht, miondíol, bia, cógaisíocht, tógáil agus teicneolaíocht, rud a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú do chosaint bhuiséad an Aontais, mar shampla nuair a dhéanann struchtúir den sórt sin iarratas ar chistí an Aontais; ag cur i bhfios go láidir ***na tábhachta*** a bhaineann le comhionannas deiseanna a ráthú do na hiarratasóirí uile chun rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas agus ar shásraí gearán neamhchlaonta agus éifeachtacha araon; ***ag tathant ar an gCoimisiún iniúchtaí córasacha a dhéanamh ar dháileadh chistí an Aontais chun coinbhleachtaí leasa, ionstraimiú polaitiúil nó doiléire i leithdháileadh cistí ar an leibhéal náisiúnta a chosc;***

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 32

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

32. Á mheas***, bunaithe ar an taithí theoranta, gur uirlis éifeachtach a bhí sa chóras coinníollachta*** chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as sáruithe ar an smacht reachta; á áitiú, ***dá bhrí sin***, go leanfar den chóras a chur i bhfeidhm maidir le buiséad iomlán an Aontais, lena n-áirítear ionstraimí bunaithe ar fheidhmíocht, ionas nach n-éalóidh aon líne caiteachais an Aontais ó ghrinnscrúdú éifeachtach an smachta reachta; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirtear an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm go comhsheasmhach ar bhuiséad an Aontais, gan beann ar a mhúnla maoinithe;	32. Á mheas ***go bhféadfadh sé a bheith róluath ráitis chinntitheacha a dhéanamh maidir le héifeachtacht na huirlise sin*** chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as sáruithe ar an smacht reachta ***agus á chur i bhfios go láidir, cosúil le haon ionstraim, go bhfuil sí fós oscailte chun feabhais***; á áitiú, ***áfach,*** go leanfar den chóras a chur i bhfeidhm maidir le buiséad iomlán an Aontais, lena n-áirítear ionstraimí bunaithe ar fheidhmíocht, ionas nach n-éalóidh aon líne caiteachais an Aontais ó ghrinnscrúdú éifeachtach an smachta reachta; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirtear an Rialachán maidir le Coinníollacht i bhfeidhm go comhsheasmhach ar bhuiséad an Aontais, gan beann ar a mhúnla maoinithe;

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 34

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
34. Á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar Threoirlínte 2022 chun: aghaidh a thabhairt ar an riosca go ndéanfar cistí a atreorú nó a ath-leithdháileadh ar bhealach níos dírí; modheolaíocht céim ar chéim a fhoilsiú, lena léirítear conas ***a ríomhtar*** comhréireacht; ‘nasc sách díreach’ a shainiú idir sárú ar an smacht reachta agus riosca buiséadach; naisc níos soiléire a cheangal idir sáruithe agus bearta a glacadh, lena n-áirítear trí chaighdeáin níos cruinne maidir leis na sáruithe sin; agus réitigh shoiléire agus céimeanna praiticiúla a sholáthar nuair a tharlaíonn aisiompuithe;	34. Á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar Threoirlínte 2022 chun: aghaidh a thabhairt ar an riosca go ndéanfar cistí a atreorú nó a ath-leithdháileadh ar bhealach níos dírí; modheolaíocht céim ar chéim a fhoilsiú lena léirítear conas a ***dhéantar*** comhréireacht***, agus éifeachtacht na mbeart ceartaitheach freisin a mheas nó a ríomh***; ‘nasc sách díreach’ a shainiú idir sárú ar an smacht reachta agus riosca buiséadach***, lena n-áirítear samplaí praiticiúla***; naisc níos soiléire a cheangal idir sáruithe agus bearta a glacadh, lena n-áirítear trí chaighdeáin níos cruinne maidir leis na sáruithe sin ***agus soiléirithe ar na ceanglais maidir le faireachán réamhghníomhach***; agus réitigh shoiléire agus céimeanna praiticiúla a sholáthar nuair a tharlaíonn aisiompuithe;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 35

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
35. Á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs seo, athbhreithniú a dhéanamh ar a léirmhíniú ar an Rialachán maidir le Coinníollacht mar ionstraim rogha deiridh agus a bheith níos réamhghníomhaí maidir lena húsáid, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Airteagal 6(4), agus prionsabal na comhréireachta á urramú ag an am céanna;	35. Á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs seo***, mionsaothrú a dhéanamh ar a mheasúnú ar bhreisluach agus teorainneacha faoi seach na n-uirlisí coinníollachta buiséadaí éagsúla***, athbhreithniú a dhéanamh ar a léirmhíniú ar an Rialachán maidir le Coinníollacht mar ionstraim rogha deiridh agus a bheith níos réamhghníomhaí maidir lena húsáid, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Airteagal 6(4), agus prionsabal na comhréireachta á urramú ag an am céanna;

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
36. Á iarraidh ar an gCoimisiún, ina mheasúnú comhréireachta, machnamh córasach a dhéanamh ar na hiarmhairtí do thairbhithe deiridh, go háirithe tairbhithe beaga amhail ollscoileanna, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus an anailís sin a léiriú sa sainchomhad arna tharchur chuig an bParlaimint faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Coinníollacht;	36. Á iarraidh ar an gCoimisiún, ina mheasúnú comhréireachta, machnamh córasach a dhéanamh ar na hiarmhairtí do thairbhithe deiridh, go háirithe tairbhithe beaga amhail ollscoileanna, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus an anailís sin a léiriú sa sainchomhad a tharchuirtear chuig an bParlaimint faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Coinníollacht***, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear na hathruithe is gá chun feidhme go héifeachtach i ndáiríre do na gníomhaithe sin go léir, agus ní hamháin ar bhealach teoiriciúil***;

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 37

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
37. Á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh sé a oibleagáid a chomhlíonadh go héifeachtach chun leasanna airgeadais dlisteanacha na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh a chosaint, go háirithe iad sin a fhulaingíonn iarmhairtí easnaimh an smachta reachta, lena n-áirítear trí fhorálacha ábhartha an Rialacháin maidir le Coinníollacht a fhorfheidhmiú i ndáil le hoibleagáidí na mBallstát íocaíochtaí a dhéanamh; á chur i bhfáth nár cheart d'aon bheart a ghlactar chun a áirithiú gur féidir le faighteoirí agus tairbhithe deiridh dlisteanacha leanúint de rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht a lagú; á chur in iúl go bhfuil sí ag súil le bheith páirteach go hiomlán sa phróiseas seo;	37. Á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh sé a oibleagáid a chomhlíonadh go héifeachtach chun leasanna airgeadais dlisteanacha na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh a chosaint, go háirithe iad sin a fhulaingíonn iarmhairtí easnaimh an smachta reachta, lena n-áirítear trí fhorálacha ábhartha an Rialacháin maidir le Coinníollacht a fhorfheidhmiú i ndáil le hoibleagáidí na mBallstát íocaíochtaí a dhéanamh; ***á iarraidh ar an gCoimisiún bealaí a aimsiú chun na cistí a ndéantar difear dóibh a thabhairt faoi bhainistíocht dhíreach nó chun iad a chur ar fáil faoi ionstraimí nó cláir eile den Aontas a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach, lena n-áiritheofar in aon chás nach mbeidh rialtais áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide thíos leis na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí cistiúcháin mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a rialtais náisiúnta, agus, má thagann sé ar an gconclúid nach bhfuil an rogha sin indéanta, míniú soiléir a thabhairt ar na cúiseanna leis an gconclúid sin;*** á chur i bhfáth nár cheart d'aon bheart a ghlactar chun a áirithiú gur féidir le faighteoirí agus tairbhithe deiridh dlisteanacha leanúint de rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht a lagú; á chur in iúl go bhfuil sí ag súil le bheith páirteach go hiomlán sa phróiseas seo;

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 38

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
38. Á iarraidh ar an gCoimisiún crostagairtí córasacha a dhéanamh idir	38. Á iarraidh ar an gCoimisiún crostagairtí córasacha a dhéanamh idir

imeachtaí um shárú agus bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 6 den Rialachán Airgeadais agus ***scagadh coinníollachta atá ar feitheamh***, ionas nach féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as sadhlanna nós imeachta agus go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais, gan beann ar an ionstraim dhlíthiúil a úsáidtear;	imeachtaí um shárú agus bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 6 den Rialachán Airgeadais agus ***an Rialachán maidir le Coinníollacht, Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Rialachán STA agus an córas coinníollachta a bheidh ann amach anseo in CAI 2028-2034, chomh maith le haon uirlis ábhartha eile***, ionas nach féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as bacainní nós imeachta agus go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais, gan beann ar an ionstraim dlí a úsáidtear;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 39

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
39. Á chreidiúint gur cheart go mbeadh coimircí ag gabháil le gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun a áirithiú, i gcás inarb ábhartha, nach dtarlóidh cásanna comhchosúla amach anseo;	39. Á chreidiúint gur cheart go mbeadh coimircí ag gabháil le gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun a áirithiú, i gcás inarb ábhartha, nach dtarlóidh cásanna comhchosúla ***nó ar chúlú breise an smachta reachta*** amach anseo;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 40

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
40. Ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht nithiúil chun na naisc idir moltaí a thuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta agus tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an Aontais a neartú, mar a leagtar amach i litreacha misin 2024 chuig na Coimisinéirí atá freagrach as an mBuiséad agus as an Smacht Reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí tír-shonracha óna thuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta a aistriú ina ngarspriocanna nithiúla a mbeidh na Ballstáit in ann gníomhú orthu go córasach agus, i gcás	40. Ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht nithiúil chun na naisc idir moltaí a thuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta agus tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an Aontais a neartú, mar a leagtar amach i litreacha misin 2024 chuig na Coimisinéirí atá freagrach as an mBuiséad agus as an Smacht Reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí tír-shonracha óna thuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta a aistriú ina ngarspriocanna nithiúla a mbeidh na Ballstáit in ann gníomhú orthu go córasach agus, i gcás

inarb iomchuí, a fheidhmeoidh mar fhianaise chun údar a thabhairt le gníomhachtú an Rialacháin maidir le Coinníollacht;	inarb iomchuí, a fheidhmeoidh mar fhianaise chun údar a thabhairt le gníomhachtú an Rialacháin maidir le Coinníollacht ***agus uirlisí eile; á chur i bhfios go láidir gur cheart spriocdhátaí soiléire a bheith ag gabháil leis na garspriocanna sin, agus á iarraidh go bhforbrófaí táscairí comhfhreagracha***;

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 41

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
41. Á chur i bhfáth go bhfuil an tuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta struchtúrtha faoi láthair timpeall ar cheithre cholún, is é sin: an córas ceartais, an creat frithéillithe, iolrachas na meán, agus saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin; á ***aithint*** gur cuireadh gné den mhargadh aonair san áireamh i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir leis an smacht reachta a dhéanann difear do chuideachtaí agus d'oibrithe; á chur i bhfáth ***go bhfuil*** córas ceartais feidhmiúil, creat láidir frithéillithe, iolrachas na meán, srianta agus ceartúcháin leordhóthanacha, ***, agus*** margadh aonair feidhmiúil ***atá nasctha go dlúth leis an smacht reachta***;	41. Á chur i bhfáth go bhfuil an tuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta struchtúrtha faoi láthair timpeall ar cheithre cholún, is é sin: an córas ceartais, an creat frithéillithe, iolrachas na meán, agus saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin; á ***chur in iúl gur geal léi*** gur cuireadh gné den mhargadh aonair san áireamh i dTuarascáil 2025 i ndáil leis an Smacht Reachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir leis an smacht reachta a dhéanann difear do chuideachtaí agus d'oibrithe; á chur i bhfáth ***gur réamhchoinníollacha iad*** córas ceartais feidhmiúil, creat láidir frithéillithe, iolrachas na meán, srianta agus ceartúcháin leordhóthanacha le haghaidh margadh aonair feidhmiúil***; á chur i bhfios go láidir go gcomhlánaítear na colúin sin le focholúin ar cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu i gcás inar gá***;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 41 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	41 a. Á chur i bhfáth gur cheart an tuarascáil bhliantúil ar an smacht

	reachta, agus go háirithe a moltaí, a dhearadh ar bhealach a bheidh go hiomlán oibríochtúil agus inúsáidte go díreach chun a chinneadh an bhfuil údar le gníomhachtú an Rialacháin maidir le Coinníollacht; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, soiléiriú a dhéanamh ar an tairseach ar a meastar go bhfuil easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil, agus sna moltaí comhfhreagracha, tromchúiseach go leor chun údar a thabhairt le dul ar iontaoibh ionstraime airgeadais amhail an Rialachán maidir le Coinníollacht;

Leasú 61

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 42

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
42. Á thabhairt dá haire gur cheart go ngníomhachtófaí an sásra coinníollachta, go háirithe i gcásanna amhail sárú, ionramháil nó fabhar i nglaonna ar thairiscintí agus iarratais a bhaineann le cistiú ón Aontas, mar aon le ciapadh riaracháin a sháraíonn an chóir chomhionann d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do chuideachtaí nó d'fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh eile agus a rochtain ar chistí an Aontais, de bharr sáruithe córasacha ar an smacht reachta, a shainaithnítear faoi cholúin na tuarascála bliantúla maidir leis an smacht reachta, a bhfuil nasc sách díreach acu le cosaint bhuiséad an Aontais;	42. Á thabhairt dá haire gur cheart go ngníomhachtófaí an sásra coinníollachta, go háirithe i gcásanna amhail ***sáruithe sistéamacha ar neamhspleáchas breithiúnach, creat neamhéifeachtach frithéillithe, lena n-áirítear gabháil pholaitiúil seirbhísí ionchúisitheora phoiblí nó uasfhorais iniúchóireachta, easpa cur chun feidhme breithiúnas nó*** sárú, ionramháil nó fabhar i nglaonna ar thairiscintí agus iarratais a bhaineann le cistiú ón Aontas, mar aon le ciapadh riaracháin a sháraíonn an chóir chomhionann d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do chuideachtaí nó d'fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh eile agus a rochtain ar chistí an Aontais, de bharr sáruithe córasacha ar an smacht reachta, a shainaithnítear faoi cholúin na tuarascála bliantúla maidir leis an smacht reachta, a bhfuil nasc sách díreach acu le cosaint bhuiséad an Aontais;

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 44

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
44. Á áitiú go ndéanfar sainchumais ghrinnscrúdúcháin na Parlaiminte a chosaint trí chumhacht a thabhairt di faireachán a dhéanamh ar chomhsheasmhacht i (neamh)chur i bhfeidhm an chórais choinníollachta, agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar ionstraimíocht pholaitiúil nó ar theimhneacht; á iarraidh ar an gCoimisiún fardal bliantúil comhdhlúite de na cinntí uile a bhaineann le coinníollacht ar fud na gceannteideal buiséid a tharchur chuig an bParlaimint i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil;	44. Á áitiú go ndéanfar sainchumais ghrinnscrúdúcháin na Parlaiminte a chosaint trí chumhacht a thabhairt di faireachán a dhéanamh ar chomhsheasmhacht i (neamh)chur i bhfeidhm an chórais choinníollachta ***faoi na huirlisí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo***, agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar ionstraimíocht pholaitiúil nó ar theimhneacht; á iarraidh ar an gCoimisiún fardal bliantúil comhdhlúite de na cinntí uile a bhaineann le coinníollacht ar fud na gceannteideal buiséid a tharchur chuig an bParlaimint i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil;

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 45 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	***45 a. Ag tathant ar an gCoimisiún teacht ar chomhaontú maidir le bealach cumarsáide slán le comhlachtaí na Parlaiminte atá freagrach chun rochtain iomlán ar dhoiciméadacht a áirithiú, lena n-áirítear téacs iomlán na bhfógraí i scríbhinn agus na malartuithe idir seirbhísí an Choimisiúin agus an Ballstát atá i gceist, ar bhealach tráthúil, cuimsitheach agus réamhghníomhach, agus a rúndacht á cosaint;**

Leasú 64

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
46. Á iarraidh ar an gComhairle a áirithiú go leanfaidh an próiseas de bheith	46. Á iarraidh ar an gComhairle a áirithiú go leanfaidh an próiseas de bheith

bunaithe ar fhíorais agus de bheith oibiachtúil, agus a áirithiú go gcloífear chomh dlúth agus is féidir le tograí an Choimisiúin; ag tathant ar an gComhairle, thairis sin, gan an próiseas as a dtagann glacadh bearta a athrú ina ***mhír mhargántaíochta***;	bunaithe ar fhíorais agus de bheith oibiachtúil, agus a áirithiú go gcloífear chomh dlúth agus is féidir le tograí an Choimisiúin***, agus i gcás ina n-imíonn siad uathu, údar leordhóthanach a thabhairt chun é sin a dhéanamh***; ag tathant ar an gComhairle, thairis sin, gan an próiseas as a dtagann glacadh bearta a athrú ina ***gcomhaontuithe polaitiúla a dhéanamh den phróiseas as a dtiocfaidh glacadh beart, lena gceadófaí do Bhallstát atá faoi réir an phróisis sin a chrosadh a fheidhmiú ar chinntí práinneacha a éilíonn aontoilíocht sa Chomhairle Eorpach; á mheas gur cheart go bhféadfaí faoin Rialachán atá ann faoi láthair bearta nua a ghlacadh chun buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach simplithe laistigh den nós imeachta céanna, mura bhfuil an staid as ar eascair glacadh na mbeart leigheasta nó mura bhfuil sí imithe in olcas, agus é á áirithiú ag an am céanna go leanfaidh na critéir shubstainteacha agus na coimircí céanna d'fheidhm a bheith acu***;

Leasú 65

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 47

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
47. Á iarraidh ar an gCoimisiún tairseach idirghníomhach a bhunú a chuirfeadh ar chumas saoránach, faighteoirí agus tairbhithe deiridh, agus oibreoirí eacnamaíocha, saolré iomlán cásanna coinníollachta a leanúint ón tráth ina n-eisítear fógra ina leith go dtí go gcuirfear na bearta ar ceal sa deireadh, chun trédhearcacht a fheabhsú agus bréagaisnéis a chosc; á iarraidh, i ndáil leis seo, ar an gCoimisiún bileoga eolais a fhoilsiú ina mbeidh gach gníomhaíocht amach anseo faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, ina leagtar amach cineál agus measúnú na sáruithe, an tionchar ar bhuiséad an Aontais, agus, i gcás inarb	47. Á iarraidh ar an gCoimisiún tairseach idirghníomhach a bhunú a chuirfeadh ar chumas saoránach***, eagraíochtaí na sochaí sibhialta***, faighteoirí agus tairbhithe deiridh, agus oibreoirí eacnamaíocha, saolré iomlán cásanna coinníollachta a leanúint ón tráth ina n-eisítear fógra ina leith go dtí go gcuirfear na bearta ar ceal sa deireadh, chun trédhearcacht a fheabhsú agus bréagaisnéis a chosc; á iarraidh, i ndáil leis seo, ar an gCoimisiún bileoga eolais a fhoilsiú ina mbeidh gach gníomhaíocht amach anseo faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, ina leagtar amach cineál agus measúnú na sáruithe, an tionchar ar

ábhartha, comhréireacht na mbeart atá beartaithe aige; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go scaipfear an fhaisnéis ábhartha ar na faighteoirí agus na tairbhithe deiridh lena mbaineann agus ar an bpobal i gcoitinne;

bhuiséad an Aontais, agus, i gcás inarb ábhartha, comhréireacht na mbeart atá beartaithe aige; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go scaipfear an fhaisnéis ábhartha ar na faighteoirí agus na tairbhithe deiridh lena mbaineann agus ar an bpobal i gcoitinne;

Leasú 66

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 49

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
49. Á iarraidh ar an gCoimisiún ***a*** acmhainneacht imscrúdaitheach a neartú trí uainchlár buan de shaineolaithe speisialaithe a bhunú atá in ann sáruithe casta ar an smacht reachta a mheas, rud a áiritheoidh go ndéanfar cinntí níos prasa agus atá láidir go teicniúil, agus córas TF a fhorbairt lena gcumasaítear patrúin nó cosúlachtaí a bhrath i dtuarascálacha a fhaightear;	49. ***Á mheas nár fhorbair an Coimisiún go hiomlán fós an acmhainneacht riaracháin is gá chun an Rialachán a chur chun feidhme; á chur i bhfáth nach mór d'institiúidí an Aontais a áirithiú go gcuirfear na modhanna leormhaithe ar fáil don Choimisiún chun é a fhorfheidhmiú go héifeachtach; ar an mbonn sin,*** á iarraidh ar an gCoimisiún ***dá bhrí sin, acmhainní daonna iomchuí a leithdháileadh ar fhorfheidhmiú an Rialacháin agus*** acmhainneacht imscrúdaitheach ***an Choimisiúin*** a neartú trí uainchlár buan de shaineolaithe speisialaithe a bhunú atá in ann sáruithe casta ar an smacht reachta a mheas, rud a áiritheoidh go ndéanfar cinntí níos prasa agus atá láidir go teicniúil, agus córas TF a fhorbairt lena gcumasaítear patrúin nó cosúlachtaí a bhrath i dtuarascálacha a fhaightear; ***á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le dlúthchomhar struchtúrtha idir na hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha sa Choimisiún, go háirithe Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid agus a hArd-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, chun comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú i gcur i bhfeidhm an Rialacháin;***

Leasú 67

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 51 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	51 a. Á athdhearbhú a togra chun sásra den Aontas um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú, ag tógáil ar thogra 2020 ón bParlaimint; á chur i bhfios go láidir gur cheart an sásra sin a rialú le comhaontú idirinstitiúideach idir an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle, arb é atá ann timthriall faireacháin bliantúil ar luachanna an Aontais lena gcumhdaítear gach gné d'Airteagal 2 CAE, agus feidhm chomhionann, oibiachtúil agus chothrom a bheith aige maidir leis na Ballstáit uile agus maidir le tíortha is iarrthóirí an Aontais, le tacaíocht ó phainéal saineolaithe neamhspleácha a ullmhaíonn moltaí agus a nascann iad le huirlisí buiséadacha agus forfheidhmithe eile, agus a fheabhsaíonn maoirseacht na Parlaiminte; ag cur béim ar an bhfíoras, cé go bhfuil leathnú suntasach déanta ar bhosca uirlisí an smachta reachta atá ar fáil don Aontas, go mbraitheann a éifeachtacht ar chur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach ar fud institiúidí uile an Aontais; á chur i bhfáth gur gá, idir an dá linn, Seimeastar Eorpach maidir leis an Smacht Reachta a bhunú, ina mbeidh struchtúr soiléir ina mbeidh garspriocanna seasta agus rannchuidithe gníomhacha ó institiúidí uile an Aontais; á chur i bhfios go láidir, cé go raibh sé dírithe ar dtús ar an smacht reachta, gur cheart an Seimeastar Eorpach seo um an Smacht Reachta a cheapadh ar bhealach a fhágann gur féidir é a leathnú de réir a chéile chun na luachanna uile a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a chumhdach, lena n-áiritheofar cur chuige cuimsitheach agus comhleanúnach maidir le luachanna an Aontais a chosaint; á chur i bhfios go láidir nach mór an timthriall bliantúil sin a bheith bunaithe ar tháscairí láidre oibiachtúla agus a shoiléiriú nach

mbíonn sáruithe ar an smacht reachta fánach riamh, agus gur cheart go mbeadh fioriarmhairtí mar thoradh ar aon fhionnachtana ar ábhar imní iad, rud a bheadh ar aon dul le sásra an tSeimeastair Eorpaigh a chuirtear i bhfeidhm i réimse an airgeadais phoiblí;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, ina cháil mar rapóirtéir don tuairim, faoina fhreagracht eisiach nár áirigh sé ina thuairim ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le, [1]clár trédhearcachta éigeantach, ná ó ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach ó mhí na Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj?eliuri=eli%3Aagree_interinstit%3A2021%3A611%3Aoj&locale=ga).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	5.11.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 52 - : 21 0 : 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Malik Azmani, Pernando Barrena Arza, Nicolas Bay, Ioan-Rareş Bogdan, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Jaroslav Bžoch, Mélissa Camara, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Alessandro Ciriani, Paulo Cunha, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Evin Incir, Paolo Inselvini, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Assita Kanko, Fabienne Keller, Mary Khan, Moritz Körner, András László, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Erik Marquardt, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Emil Radev, Ilaria Salis, Birgit Sippel, Petra Steger, Cecilia Strada, Tineke Strik, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos
Feisirí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Anja Arndt, Konstantinos Arvanitis, David Casa, Kinga Gál, Geadis Geadi, Nikola Minchev, Dolors Montserrat, Javier Moreno Sánchez, Leoluca Orlando, Maria Walsh, Maciej Wąsik
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Isabel Benjumea Benjumea, Robert Biedroń, Henrik Dahl, Elisabetta Gualmini, Martine Kemp, Stefan Köhler, Judita Laššáková, Miriam Lexmann, André Rodrigues, Marjan Šarec

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

52	+
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Na Daonlathaithe Críostaí)	Benjumea Benjumea Isabel, Bogdan Ioan-Rares, Brejza Krzysztof, Casa David, Chinnici Caterina, Cunha Paulo, Dahl Henrik, Düpont Lena, Kemp Martine, Köhler Stefan, Lenaers Jeroen, Mertens Verena, Montserrat Dolors, Morano Nadine, Pedro Ana Miguel, Radev Emil, Tobé Tomas, Walsh Maria, Zarzalejos Javier
An Grúpa Renew Europe	Al-Sahlani Abir, Azmani Malik, García Hermida-Van Der Walle Raquel, Keller Fabienne, Körner Moritz, McNamara Michael, Minchev Nikola, Sarec Marjan, Wilmès Sophie
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa	Biedron Robert, Gualmini Elisabetta, Incir Evin, Kaljurand Marina, Laurent Murielle, Mendes Ana Catarina, Moreno Sánchez Javier, Nemec Matjaz, Rodrigues André, Sippel Birgit, Strada Cecilia, Vigenin Kristian, Zan Alessandro
An Chlé	Antoci Giuseppe, Arvanitis Konstantinos, Barrena Arza Pernando, Galán Estrella, Salis Ilaria
Na Glasaigh/SCE	Asens Llodrà Jaume, Bricmont Saskia, Camara Mélissa, Marquardt Erik, Orlando Leoluca, Strik Tineke

21	-
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	Bay Nicolas, Ciriani Alessandro, Geadi Geadis, Inselvini Paolo, Kaminski Mariusz, Kanko Assita, Wasik Maciej, Weimers Charlie
An Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach'	Arndt Anja, Khan Mary, Uhrík Milan
Feisire Neamhcheangailte	Lassáková Judita
An Grúpa 'Tírghráthóirí don Eoraip'	Buxadé Villalba Jorge, Bzoch Jaroslav, Ceccardi Susanna, Ehlers Marieke, Gál Kinga, László András, Leggeri Fabrice, Steger Petra, Vandendriessche Tom

1	0
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Na Daonlathaithe Críostaí)	Lexmann Miriam

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : in aghaidh
0 : staonadh